Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10384/22**

**EF 178**
**ECOFIN 637**
**DELACT 97**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 3581 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 10.6.2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na nósanna imeachta chun sonraí idir stórtha trádála a réiteach agus na nósanna imeachta atá le cur i bhfeidhm ag an stór trádála le fíorú go bhfuil na ceanglais tuairiscithe á gcomhlíonadh ag an gcontrapháirtí a dhéanfaidh an tuairisciú nó ag an eintiteas a dhéanfaidh an cur isteach agus chun iomláine agus cruinneas na sonraí arna dtuairisciú a fhíorú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 3581 final.

---

Faoi iamh: C(2022) 3581 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.6.2022
C(2022) 3581 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 10.6.2022**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na nósanna imeachta chun sonraí idir stórtha trádála a réiteach agus na nósanna imeachta atá le cur i bhfeidhm ag an stór trádála le fíorú go bhfuil na ceanglais tuairiscithe á gcomhlíonadh ag an gcontrapháirtí a dhéanfaidh an tuairisciú nó ag an eintiteas a dhéanfaidh an cur isteach agus chun iomláine agus cruinneas na sonraí arna dtuairisciú a fhíorú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Rialachán (AE) Uimh. 2019/834 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (REFIT EMIR) agus lena dtugtar isteach roinnt cumhachtuithe le haghaidh ESMA chun caighdeáin theicniúla cur chun feidhme agus rialála a bhaineann le creat tuairiscithe faoi EMIR a fhorbairt.

Go háirithe, le hAirteagal 78(10) den rialachán sin cuirtear ESMA faoi cheangal caighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt lena sonraítear na nósanna imeachta le haghaidh réiteach sonraí idir na stórtha trádála agus chun go bhfíoróidh na stórtha trádála iomláine agus cruinneas na sonraí arna dtuairisciú faoi Airteagal 9.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

***Gnéithe nós imeachta***

Rinne ESMA comhairliúchán poiblí maidir lena dhréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus cur chun feidhme idir an 26 Márta 2020 agus an 3 Iúil 2020. Fuair ESMA 41 fhreagra ón bpobal agus 10 bhfreagra rúnda san iomlán.

***Dearcadh na ngeallsealbhóirí***

<u>*Fíorú na ndíorthach ag stór trádála*</u>

Gné thábhachtach d'fheidhmiú ceart an chórais tuairiscithe faoi EMIR agus chun cáilíocht an tuairiscithe a dhéanfar ar dhíorthaigh a áirithiú is ea an fíorú a dhéanfaidh stórtha trádála ar na sonraí arna gcur isteach ag na contrapháirtithe, sonraí atá faoi réir na hoibleagáide tuairiscithe. Cé go bhforáiltear le hAirteagal 9(1e) EMIR arna leasú le REFIT EMIR, maidir le 'Contrapháirtithe agus CPLanna atá faoi cheangal mionsonraí na gconarthaí díorthach a thuairisciú, go n- áiritheoidh siad go ndéanfar mionsonraí den sórt sin a thuairisciú go cruinn agus gan aon dúbailt', le hAirteagal 78(9) agus Airteagal 78(10) EMIR arna leasú le REFIT EMIR cuirtear an fhreagracht maidir leis na nósanna imeachta chun na sonraí a fhíorú ar na stórtha trádála freisin.

Mhol ESMA creat sa Pháipéar Comhairliúcháin maidir le sonraí a bhailiú agus le haghaidh fíorú sonraí arna dhéanamh ag stórtha trádála.

Chun deimhneacht dhlíthiúil maidir le comhlíontacht leis an oibleagáid tuairiscithe a áirithiú nuair atá na nósanna imeachta i gcomhair fíorú á mbunú, ag stórtha trádála, mhol ESMA sonraí nár tuairiscíodh i gcomhréir leis na ceanglais faoi Airteagal 9 EMIR a dhiúltú, seachas díreach rabhaidh a eisiúint don eintiteas ábhartha.

Thacaigh tromlach na bhfreagróirí le moladh ESMA maidir leis an gcreat agus d'aontaigh siad go rannchuideoidh sé le cáilíocht fhoriomlán na sonraí.

<u>*An nós imeachta chun Aitheantóirí Eintitis Dhlítheanaigh a thabhairt cothrom le dáta*</u>

Leag ESMA béim sa Pháipéar Comhairliúcháin ar thábhacht an phróisis a chuirfidh stórtha trádála agus contrapháirtithe i bhfeidhm i gcás athruithe ar na hAitheantóirí Eintitis Dhlítheanaigh i ngeall ar chumaisc, éadáil nó ar imeachtaí athstruchtúraithe corparáideacha eile. Bhí tromlach na bhfreagróirí ar aon intinn faoi mholadh ESMA maidir leis na gnéithe sin a shoiléiriú agus chun príomhghnéithe den phróiseas a áireamh sna caighdeáin theicniúla rialála, go háirithe na gnéithe a bhaineann leis an tréimhse ama chun na gnéithe den Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh a thabhairt cothrom le dáta toisc gur rudaí bunúsacha iad sin chun cáilíocht na sonraí a áirithiú.

*Réiteach sonraí ag stórtha trádála*

D'fhág an easpa sonraíochta a bhain leis an bpróiseas réitigh a bhí ag ESMA ag an tús, in éagmais sainordaithe dhlíthiúil, go raibh (i) na nósanna imeachta réitigh ar neamhréir, (ii) uainiú an réitigh ar neamhréir, (iii) lamháltais agus catagóiriú na réimsí arna gcinneadh ag stórtha trádála, (iv) amanna cur chun feidhme fadálacha ann chun athruithe a iarraidh. Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, mhol ESMA a luaithe is a fhíoróidh na stórtha trádála na sonraí, gur cheart do na stórtha trádála mionsonraí an dá thaobh den díorthach arna dtuairisciú a réiteach. Tarlaíonn sé sin ón mbunús dlíthiúil in Airteagal 78(9)(a) EMIR, arna leasú le REFIT EMIR lena bhforáiltear go mbunóidh na stórtha trádála 'na nósanna imeachta chun sonraí idir stórtha trádála a réiteach go héifeachtach'. Mhol ESMA roinnt prionsabal ginearálta sa Pháipéar Comhairliúcháin chun réiteach a dhéanamh. Thacaigh na daoine a thug freagra ar an gcomhairliúchán poiblí go ndéanfaí comhchuibhiú ar an bpróiseas réitigh agus sholáthair siad roinnt barúlacha a chuir ESMA san áireamh sna prionsabail a bunaíodh sa dréachtrialachán tarmligthe seo.

*Sásra freagartha deireadh lae*

Ba cheart do stórtha trádála faisnéis áirithe deireadh lae a sholáthar do na contrapháirtithe tuairiscithe, do na heintitis a chuireann tuarascáil isteach, do na heintitis atá freagrach as tuairisciú chomh maith le tríú páirtithe ar deonaíodh rochtain ar fhaisnéis dóibh faoi Airteagal 78(7) EMIR de réir mar is infheidhme, faisnéis lenar cheart caoi a thabhairt dóibh cáilíocht na sonraí arna dtuairisciú faoi EMIR a fheabhsú.

Measann ESMA gur faisnéis phraiticiúil é faisnéis deireadh lae maidir le trádálacha a diúltaíodh a bheith ar fáil do na heintitis (i) chun a gcuid aighneachtaí a neartú, (ii) chun gníomhú maidir le haon díorthach féideartha nár ceartaíodh go fóill, agus (iii) chun tré- phróiseáil agus uathoibriú an tsreafa oibre a chumasú.

Fuair ESMA roinnt freagairtí tábhachtacha an- mhionsonraithe maidir lena chuid moltaí. Tar éis dó a mhachnamh a dhéanamh ar an aiseolas sin, mhol ESMA tacar íosta de thuarascálacha deireadh lae a chuirfidh na stórtha trádála ar fáil.

## 3. MEASÚNÚ TIONCHAIR

Ní dhearna an Coimisiún measúnú tionchair mionsonraithe ar na caighdeáin theicniúla rialála atá beartaithe ach tá a mheasúnú bunaithe ar anailís costais agus tairbhe ESMA a áiríodh ina Thuarascáil Deiridh.

Rinne agus d'fhoilsigh an Coimisiún anailís cheana ar na príomhchinntí beartais maidir leis an togra reachtach a spreag Rialachán (AE) Uimh. 2019/834 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

Tuigeann ESMA go bhfeabhsóidh na caighdeáin theicniúla atá beartaithe cáilíocht na sonraí a thuairiscítear faoi EMIR agus dá bhrí sin go soláthraítear leo tairbhe shoiléir do na húdaráis atá i dteideal rochtain a fháil ar shonraí EMIR, agus do na heintitis tuairiscithe agus do na stórtha trádála freisin. Mar shampla, tá coinne leis go mbeidh laghdú suntasach i gcostais le haghaidh eintitis a thuairiscíonn faoi roinnt dlínsí mar gheall ar na leasuithe beartaithe a ailíníonn na ceanglais san Aontas le treoraíocht dhomhanda maidir le díorthaigh thar an gcuntar a thuairisciú. Ar an gcaoi chéanna, anuas ar an gcaighdeánú formáidí agus ar an úsáid a bhaineann na contrapháirtithe as ISO 20022 chun tuairisciú do na stórtha trádála, de bharr aiseolas níos cuimsithí ar dhiúltuithe agus ar rabhaidh a bheith ann, rannchuideofar le ceartú na sonraí a thugann na heintitis tuairiscithe ar bhealach níos éasca agus le laghdú saincheisteanna maidir le cáilíocht na sonraí, rud a chuirfidh tuilleadh feabhais ar uathoibriú an tuairiscithe agus a laghdóidh ar na saincheisteanna cáilíochta sonraí dá réir. I gcás réitigh,

de bharr na leasuithe atá beartaithe lena ndéanfar ailíniú ar na ceanglais maidir leis an réiteach ar fud na stórtha trádála, tá coinne leis go soláthrófar aiseolas réitigh níos comhsheasmhaí do na heintitis tuairiscithe agus go rannchuideofar leis na tuarascálacha a réiteach ar bhealach níos éasca, agus gur lú an gá a bheidh le hualaí troma de phróisis leantacha i dtaca leis na sosanna réitigh, rud a laghdóidh ar an gcostas comhlíontachta agus a chuirfidh feabhas ar cháilíocht na sonraí dá réir.

Cé gur mó na buntáistí ná na costais, is dosheachanta sa ghearrthéarma go ngearrfaidh na modhnuithe ar na córais tuairiscithe a thagann chun cinn ó na caighdeáin rialála agus theicniúla cur chun feidhme costais ar na húdaráis, na contrapháirtithe agus ar na stórtha trádála. Tá ESMA ag moladh go gcuirfí amlíne chun feidhme, rud a chuideodh leis na tionchair costais a réiteach.

## 4. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leagtar amach in Airteagal 1 an próiseas chun tuarascálacha maidir le díorthaigh arna ndéanamh ag stórtha trádála a fhíorú.

Le hAirteagal 2 leagtar amach an nós imeachta chun Aitheantóirí Eintitis Dhlítheanaigh a thabhairt cothrom le dáta.

Le hAirteagal 3 bunaítear an nós imeachta chun sonraí arna soláthar ag stórtha trádála a réiteach.

Suitear le hAirteagal 4 an fhaisnéis deireadh lae maidir le díorthaigh a thuairiscítear nach mór do stórtha trádála a chur ar fáil d'eintitis áirithe.

Leagtar amach in Airteagal 5 dáta theacht i bhfeidhm an rialacháin tarmligthe.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 10.6.2022**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na nósanna imeachta chun sonraí idir stórtha trádála a réiteach agus na nósanna imeachta atá le cur i bhfeidhm ag an stór trádála le fíorú go bhfuil na ceanglais tuairiscithe á gcomhlíonadh ag an gcontrapháirtí a dhéanfaidh an tuairisciú nó ag an eintiteas a dhéanfaidh an cur isteach agus chun iomláine agus cruinneas na sonraí arna dtuairisciú a fhíorú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála[1], agus go háirithe Airteagal 78(10) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun ardcháilíocht mhionsonraí na ndíorthach a thuairiscítear do stórtha trádála a áirithiú, ba cheart do na stórtha trádála aitheantas na n- eintiteas a chuirfidh tuarascáil isteach, sláine loighciúil an tseichimh ina dtuairiscítear mionsonraí an díorthaigh, agus iomláine agus cruinneas na mionsonraí sin a fhíorú.

(2) Ar an gcúis chéanna, ba cheart do na stórtha trádála mionsonraí gach tuarascála díorthaigh arna fáil a réiteach i gcás ina bhfuil oibleagáid tuairiscithe ag an dá chontrapháirtí. Ba cheart próiseas caighdeánaithe a shonrú chun é a chur ar a gcumas do stórtha trádála réiteach a dhéanamh ar bhealach comhsheasmhach agus chun na rioscaí nach ndéanfar réiteach ar mhionsonraí díorthach a laghdú. D'fhéadfadh sé nach mbeadh mionsonraí áirithe na ndíorthach comhionann, áfach, i ngeall ar shainiúlachtaí na gcóras teicneolaíochta atá in úsáid ag na heintitis a chuirfidh an tuarascáil isteach. Ní mór lamháltais áirithe a chur i bhfeidhm dá bhrí sin, ionas nach gcuirfidh miondifríochtaí i mionsonraí tuairiscithe na ndíorthach cosc ar na húdaráis anailís a dhéanamh ar na sonraí le leibhéal muiníne leordhóthanach.

(3) Ina theannta sin agus d'ainneoin oibleagáidí eile maidir le mionsonraí na ndíorthach arna mbailiú agus arna dtaifeadadh le linn don phróiseas réitigh a bheith á fheidhmiú, ba cheart do na stórtha trádála rúndacht na sonraí a mhalartaítear eatarthu agus a chuirtear ar fáil do na contrapháirtithe tuairiscithe, do na heintitis atá freagrach as tuairisciú agus do na heintitis a chuirfidh an tuarascáil isteach a áirithiú.

(4) I gcás ina dtarlóidh imeacht athstruchtúraithe as a dtiocfaidh athrú ar aitheantóir eintitis dhlítheanaigh contrapháirtí dá bharr, ní mór mionsonraí na n- eintiteas arna sainaithint i dtuarascáil díorthach a thabhairt cothrom le dáta. Chun sláine na faisnéise sin a áirithiú, rud atá fíor- riachtanach chun faireachán a dhéanamh ar rioscaí

[1] IO L 201, 27.7.2012, lch. 1.

córasacha don chobhsaíocht airgeadais, is gá na stórtha trádála a thabhairt cothrom le dáta go lárnach. Ar an gcúis sin, ba cheart nós imeachta a leagan síos chun a áirithiú gur féidir le stórtha trádála aitheantóir an eintitis a thabhairt cothrom le dáta ar bhealach láraithe, rud lena n- áiritheofaí dá réir sin próiseas éifeachtúil láidir tráthúil.

(5) Ba cheart dóthain ama a thabhairt d'eintitis a chuireann tuarascáil isteach chun dul in oiriúint do na ceanglais tuairiscithe, go háirithe chun nach gcarnfar trádálacha nach bhfuil réitithe láithreach tar éis don oibleagáid tuairiscithe tosú ag feidhmiú. Is iomchuí dá bhrí sin nár cheart ach tacar laghdaithe réimsí a réiteach sa chéad chéim.

(6) Ba cheart d'eintitis a chuireann tuarascáil isteach agus d'eintitis atá freagrach as tuairisciú, i gcás inarb infheidhme, a bheith in ann faireachán a dhéanamh ar a gcomhlíontacht lena n- oibleagáidí tuairiscithe faoi Rialachán (AE) 648/2012. Ba cheart dóibh a bheith in ann dá bhrí sin faisnéis áirithe a rochtain, ar bhonn laethúil, i leith na dtuarascálacha sin, lena n- áirítear toradh fhíorú na dtuarascálacha sin, agus freisin i gcás ina ngintear rabhadh, agus an dul chun cinn maidir le réiteach na sonraí tuairiscithe. Is gá dá bhrí sin an fhaisnéis ar cheart do stór trádála a chur ar fáil do na heintitis sin a shonrú ag deireadh gach lá oibre.

(7) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) faoi bhráid an Choimisiúin.

(8) Chuaigh an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí i gcomhairle le comhaltaí an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus reáchtáil sé comhairliúcháin phoiblí maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus tairbhí gaolmhara féideartha agus d'iarr comhairle an Ghrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2].

(9) Chun contrapháirtithe agus stórtha trádála a chumasú gach gníomh is gá a dhéanamh chun dul in oiriúint do na ceanglais nua, ba cheart dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a iarchur 18 mí,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

***Fíorú na ndíorthach ag stórtha trádála***

1. Fíoróidh stór trádála gach ceann díobh seo a leanas i dtuairisciú díorthaigh arna fháil:

   (a) aitheantas an eintitis a chuirfidh tuarascáil isteach dá dtagraítear i réimse 2 de Thábla 1 agus i réimse 2 de Thábla 3 den Iarscríbhinn a ghabhann le [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach tagairt do C(2022) 3588*];

   (b) go gcomhlíonann an teimpléad XML a úsáidtear chun tuairisc a thabhairt ar dhíorthach modheolaíocht ISO 20022 i gcomhréir le hAirteagal 1 de [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach tagairt do C(2022) 3588*];

   (c) go bhfuil an t- eintiteas a chuireann tuarascáil isteach, má tá sé difriúil ón eintiteas atá freagrach as tuairisciú dá dtagraítear i réimse 3 de Thábla 1 agus i réimse 3 i dTábla 3 den Iarscríbhinn a ghabhann le [*Oifig na bhFoilseachán,*

---

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n- aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

*cuir isteach tagairt doC(2022) 3588*], údaraithe go cuí chun tuairisciú a dhéanamh thar ceann chontrapháirtí 1 nó thar ceann an eintitis atá freagrach as tuairisciú, má tá sé difriúil ó chontrapháirtí 1, dá dtagraítear i réimse 4 de Thábla 1 agus i réimse 4 de Thábla 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach tagairt do (2022) 3588*];

(d) nár cuireadh an díorthach céanna isteach roimhe sin;

(e) go mbaineann tuarascáil díorthaigh leis an gcineál gníomhaíochta 'Modhnú', 'Nuashonrú Éarlaise', 'Luacháil', 'Ceartúchán', 'Earráid' nó 'Foirceannadh' le díorthach a cuireadh isteach roimhe seo;

(f) nach mbaineann tuarascáil díorthaigh leis an gcineál gníomhaíochta 'Modhnú' le díorthach a tuairiscíodh mar dhíorthach cealaithe leis an gcineál gníomhaíochta 'Earráid' nár tuairiscíodh ina dhiaidh sin leis an gcineál gníomhaíochta 'Athbheochan';

(g) nach n- áirítear le tuarascáil díorthaigh an cineál gníomhaíochta 'Nua' i leith díorthach a tuairiscíodh roimhe seo;

(h) nach n- áirítear le tuarascáil díorthaigh an cineál gníomhaíochta 'Comhpháirt suímh' i leith díorthach a tuairiscíodh roimhe seo;

(i) nach n- airbheartaítear le tuarascáil díorthaigh mionsonraí na réimsí 'Contrapháirtí 1' nó 'Contrapháirtí 2' a mhodhnú chuig díorthach a tuairiscíodh roimhe sin;

(j) nach n- airbheartaítear le tuarascáil díorthaigh díorthach atá ann cheana a mhodhnú trí dháta éifeachtach atá níos déanaí ná dáta aibíochta tuairiscithe an díorthaigh a shonrú;

(k) go mbaineann díorthach a thuairiscítear leis an gcineál gníomhaíochta 'Athbheochan' le tuarascáil díorthaigh a cuireadh isteach roimhe sin leis an gcineál gníomhaíochta 'Earráid' nó 'Foirceannadh' nó le díorthach aibithe;

(l) cruinneas agus iomláine na tuarascála díorthaigh.

2. Diúltóidh stór trádála do thuarascáil díorthaigh nach gcomhlíonann ceann de na ceanglais a leagtar amach i mír 1 agus sannfar di ceann de na catagóirí diúltaithe a leagtar amach i dTábla 1 den Iarscríbhinn.

3. Soláthróidh stór trádála do na heintitis a chuireann tuarascáil isteach faisnéis mhionsonraithe maidir le torthaí an fhíorúcháin sonraí dá dtagraítear i mír 1 laistigh de 60 nóiméad tar éis dó tuarascáil díorthaigh a fháil. Soláthróidh stór trádála na torthaí sin i bhformáid XML agus i dteimpléad i gcomhréir leis an modheolaíocht ISO 20022. Sonrófar sna torthaí na cúiseanna ar diúltaíodh do thuarascáil díorthaigh i gcomhréir le Tábla 1 den Iarscríbhinn.

*Airteagal 2*

***An nós imeachta le haghaidh nuashonruithe ar Aitheantóirí Eintitis Dhlítheanaigh***

1. Stór trádála a seoltar iarraidh chuige faoi Airteagal 8 de [*PO cuir isteach tagairt do C(2022) 3588*] sainaithneoidh sé na díorthaigh dá dtagraítear i mír 2 d'Airteagal 2 de [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach tagairt do C(2022) 3588*], tráth an imeachta athstruchtúraithe chorparáidigh, i gcás ina dtuairiscítear an t- eintiteas leis an aitheantóir roimh an imeacht athstruchtúraithe corparáideach sa réimse 'Contrapháirtí 1' nó 'Contrapháirtí 2', arna chur in iúl san iarraidh ábhartha. Cuirfidh

sé an tAitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh nua in ionad an tsean- aitheantóra sna tuarascálacha a bhaineann leis na díorthaigh sin uile tráth an imeachta dá dtagraítear in Airteagal 8 de [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach tagairt do C(2022) 3588*, a bhaineann leis an gcontraphháirtí sin. Feidhmeoidh stór trádála an nós imeachta maidir leis an aitheantóir a thabhairt cothrom le dáta ar a dhéanaí ar lá an athstruchtúraithe nó laistigh de 30 lá féilire ó fhaightear an iarraidh má thuairiscítear é níos lú ná 30 lá féilire roimh dháta an imeachta athstruchtúraithe chorparáidigh.

2. Sainaithneoidh stór trádála na díorthaigh ábhartha dá dtagraítear i mír 2 d'Airteagal 2 de [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach tagairt do C(2022) 3588*], tráth an imeachta athstruchtúraithe chorparáidigh, i gcás ina sainaithnítear an t- eintiteas leis an sean- aitheantóir in aon cheann de na réimsí, agus i gcás ina gcuirtear an t- aitheantóir eintitis dhlítheanaigh nua in ionad an aitheantóra sin. I gcás ina mbaineann imeacht athstruchtúraithe corparáideach leis an aitheantóir eintitis dhlítheanaigh a thabhairt cothrom le dáta le haghaidh réimsí seachas 'Contrapháirtí 1' nó 'Contrapháirtí 2', ní thabharfaidh an stór trádála na díorthaigh ábhartha cothrom le dáta ar an mbealach sin ach amháin tar éis deimhniú caoithiúil a fháil ó chontrapháirtí 1 nó ón eintiteas atá freagrach as tuairisciú.

3. Déanfaidh stór trádála na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) tar éis dó an deimhniú ábhartha a fháil faoi mhír 2, cuirfidh sé an nuashonrú ar an aitheantóir eintitis dhlítheanaigh chun feidhme ón dáta dá dtagraítear i mír 1;

(b) craolfaidh sé an fhaisnéis seo a leanas a luaithe agus is féidir leis, agus tráth nach déanaí ná 5 lá oibre tar éis an fógra iomlán a fháil, chuig na stórtha trádála eile ar fad agus chuig na contrapháirtithe tuairiscithe, na heintitis a chuireann tuarascáil isteach, na heintitis atá freagrach as tuairisciú atá bainteach leis na conarthaí díorthaigh lena mbaineann an nuashonrú ar an aitheantóir eintitis dhlítheanaigh, agus chuig tríú páirtithe ar deonaíodh rochtain dóibh ar fhaisnéis faoi Airteagal 78(7) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, de réir mar is infheidhme:

(i) an sean- aitheantóir/sean- aitheantóirí;

(ii) an t- aitheantóir nua;

(iii) an dáta óna ndéanfar an nuashonrú;

(iv) i gcás imeachtaí corparáideacha a dhéanann difear d'fhothacar na ndíorthach gan íoc ar dháta an imeachta, an liosta d'aitheantóirí uathúla trádála na ndíorthach lena mbaineann an nuashonrú ar an aitheantóir eintitis dhlítheanaigh;

(c) tabharfaidh sé fógra, ar an lá oibre ar a dhéanaí roimh an dáta ar a gcuirtear an nuashonrú i bhfeidhm, do na heintitis atá liostaithe in Airteagal 81(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a bhfuil rochtain acu ar na sonraí a bhaineann leis na díorthaigh a tugadh cothrom le dáta, trí bhíthin comhaid shonraigh i bhformáid a bheidh inléite ag meaisín:

(i) an sean- aitheantóir/sean- aitheantóirí;

(ii) an t- aitheantóir nua;

(iii) an dáta óna ndéanfar an nuashonrú;

(iv) i gcás imeachtaí corparáideacha a dhéanann difear d'fhothacar na ndíorthach gan íoc ar dháta an imeachta, an liosta d'aitheantóirí uathúla trádála na ndíorthach lena mbaineann an nuashonrú ar an aitheantóir eintitis dhlítheanaigh;

(d) déanfaidh sé taifeadadh den nuashonrú ar an aitheantóir eintitis dhlítheanaigh sa loga tuairiscithe.

4. Ní thabharfaidh stór trádála na haitheantóirí eintitis dhlítheanaigh le haghaidh díorthach atá éagsúil leo siúd dá dtagraítear i mír 2 d'Airteagal 2 de [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach tagairt do C(2022) 3588*] cothrom le dáta tráth an imeachta chorparáidigh.

*Airteagal 3*

***Réiteach sonraí ag stórtha trádála***

1. Féachfaidh stór trádála le díorthach tuairiscithe a réiteach trí na céimeanna a leagtar amach i mír 3 a dhéanamh, ar choinníoll go gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) rinne an stór trádála na fíoruithe a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 1;

(b) tá oibleagáid tuairiscithe ag an dá chontrapháirtí sa díorthach tuairiscithe de bhun Airteagal 9 de Rialachán (AE) 648/2012;

(c) ní bhfuair an stór trádála tuarascáil leis an gcineál gníomhaíochta 'Earráid' i leith an díorthaigh tuairiscithe, murar tháinig tuarascáil leis an gcineál gníomhaíochta 'Athbheochan' i ndiaidh tuarascála den sórt sin.

2. Beidh socruithe i bhfeidhm ag stór trádála chun rúndacht na sonraí a áirithiú le linn dó faisnéis a mhalartú le stórtha trádála eile agus le linn dó faisnéis a sholáthar do chontrapháirtithe tuairiscithe, d'eintitis a chuireann tuarascálacha isteach, eintitis atá freagrach as tuairisciú chomh maith le tríú páirtithe ar deonaíodh rochtain dóibh ar fhaisnéis faoi Airteagal 78(7) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 maidir le luachanna na réimsí uile atá faoi réir réitigh.

3. I gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha uile i mír 1, glacfaidh stór trádála na céimeanna seo a leanas, ag úsáid an luach is déanaí a tuairiscíodh le haghaidh gach ceann de na réimsí i dTábla 2 den Iarscríbhinn ón lá oibre roimhe sin:

(a) fíoróidh stór trádála tar éis dó tuarascáil díorthaigh a fháil cé acu a bhfuair nó nach bhfuair sé tuarascáil chomhfhreagrach ón gcontrapháirtí eile nó thar ceann an chontrapháirtí eile;

(b) stór trádála nach bhfuair tuarascáil díorthaigh chomhfhreagrach dá dtagraítear i bpointe (a), déanfaidh sé iarracht an stór trádála a fuair an tuarascáil díorthaigh chomhfhreagrach a shainaithint trí luachanna na réimsí seo a leanas den díorthach tuairiscithe a chur in iúl do gach stór trádála cláraithe: 'Aitheantóir Uathúil Idirbhirt', 'Contrapháirtí 1' agus 'Contrapháirtí 2';

(c) stór trádála a chinneann go bhfuair stór trádála eile tuarascáil díorthaigh chomhfhreagrach dá dtagraítear i bpointe (a), malartóidh sé mionsonraí an díorthaigh tuairiscithe leis an stór trádála sin i bhformáid XML agus i dteimpléad arna fhorbairt i gcomhréir leis an modheolaíocht ISO 20022;

(d) caithfidh stór trádála le díorthach tuairiscithe mar dhíorthach réitithe i gcás inarb ionann mionsonraí an díorthaigh sin atá faoi réir réitigh le mionsonraí an díorthaigh chomhfhreagraigh dá dtagraítear i bpointe (a) agus i gcomhréir leis na teorainneacha lamháltais is infheidhme agus le dátaí ábhartha an chur i bhfeidhm mar a leagtar síos i dTábla 2 den Iarscríbhinn;

(e) sannfaidh stór trádála luachanna ina dhiaidh sin le haghaidh na gcatagóirí réitigh le haghaidh gach idirbhirt díorthach tuairiscithe, mar a leagtar amach i dTábla 3 den Iarscríbhinn;

(f) tabharfaidh stór trádála na céimeanna i bpointí (a) go (e) i gcrích a luaithe is féidir agus ní ghlacfaidh sé céimeanna den sórt sin tar éis meán oíche Am Uilíoch Lárnach ar lá oibre ar leith;

(g) stór trádála nach féidir leis díorthach tuairiscithe a réiteach, féachfaidh sé le mionsonraí an díorthaigh tuairiscithe sin a mheaitseáil ar an gcéad lá oibre eile. Ní fhéachfaidh an stór trádála leis an díorthach tuairiscithe a réiteach a thuilleadh 30 lá féilire tar éis don díorthach a bheith gan íoc.

4. Deimhneoidh stór trádála an líon iomlán díorthach péireáilte agus an líon díorthach réitithe le gach stór trádála lena bhfuil díorthaigh réitithe aige ag deireadh gach lá oibre. Beidh nósanna imeachta i scríbhinn i bhfeidhm ag stór trádála chun a áirithiú go réiteofar gach neamhréireacht a sainaithníodh sa phróiseas sin.

5. Tráth nach déanaí ná 60 nóiméad tar éis an próiseas réitigh mar a leagtar amach i bpointe (f) de mhír 3 a chur i gcrích, soláthróidh stór trádála torthaí an phróisis réitigh arna dhéanamh aige maidir leis na díorthaigh tuairiscithe do na heintitis a chuirfidh tuarascáil isteach. Soláthróidh stór trádála na torthaí sin i bhformáid XML agus i dteimpléad arna fhorbairt i gcomhréir leis an modheolaíocht ISO 20022, lena n- áirítear faisnéis maidir leis na réimsí nár réitíodh.

*Airteagal 4*

***Sásraí freagartha deireadh lae***

1. Maidir le gach lá oibre, cuirfidh stór trádála ar fáil do na contrapháirtithe tuairiscithe, do na heintitis a chuireann tuarascáil isteach, do na heintitis atá freagrach as tuairisciú chomh maith le tríú páirtithe ar deonaíodh rochtain dóibh ar fhaisnéis faoi Airteagal 78(7) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, de réir mar is infheidhme, an fhaisnéis seo a leanas maidir leis na díorthaigh lena mbaineann, i bhformáid XML agus i dteimpléad arna fhorbairt i gcomhréir leis an modheolaíocht ISO 20022:

(a) na díorthaigh a tuairiscíodh le linn an lae sin;

(b) staideanna trádála is déanaí na ndíorthach gan íoc;

(c) na tuarascálacha díorthaigh a diúltaíodh le linn an lae sin;

(d) stádas réitigh gach díorthach tuairiscithe faoi réir réitigh de bhun Airteagal 3(1);

(e) na díorthaigh gan íoc nach bhfuil aon luacháil tuairiscithe maidir leo, nó a bhfuil an luacháil a tuairiscíodh dóibh dátaithe níos faide ná 14 lá féilire níos túisce ná an lá dar gineadh an tuarascáil;

(f) na díorthaigh gan íoc nár tuairiscíodh aon fhaisnéis éarlaise maidir leo, nó a bhfuil an fhaisnéis éarlaise a tuairiscíodh dóibh dátaithe níos faide ná 14 lá féilire níos túisce ná an lá dar gineadh an tuarascáil;

(g) na díorthaigh a fuarthas an lá sin leis an gcineál gníomhaíochta 'Nua', 'Comhpháirt suímh', 'Modhnú' nó 'Ceartú' agus a bhfuil a mhéid barúlach neamhghnách don aicme sin díorthach.

2. Soláthróidh stór trádála faisnéis den sórt sin tráth nach déanaí ná 06:00 in Am Uilíoch Lárnach ar an lá oibre tar éis an lá dá dtagraíonn an fhaisnéis a sholáthraítear i mír 1.

*Airteagal 5*

***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta an chéad Luain i ndiaidh an dáta atá cothrom le 18 mí tar éis an dáta teacht i bhfeidhm.].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10.6.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*